



ÚDARÁS
CRAOLACHÁIN
NA hÉIREANN

BROADCASTING
AUTHORITY
OF IRELAND

**ACHT NA DTEANGACHA
OIFIGIÚLA 2003
SCÉIM TEANGA
(leagan G/B)**

2016 - 2019

**OFFICIAL LANGUAGES ACT
2003
LANGUAGE SCHEME**

2016 - 2019

Clár

Caibidil 1: Réamhrá	3
1.1 Cur chuige i bhforbairt na scéime	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime.....	4
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	5
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Údarás Craolacháin na hÉireann	6
2.1 Misean agus Aidhmeanna	7
2.2 Páirtithe Leasmhara an BAI	9
Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach	10
Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge	11
Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht	20
Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge	21
6.1 Earcaíocht	21
6.2 Oiliúint agus Forbairt	21
6.3 Poist Shainithe Ghaeilge	25
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	26
Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	27
Ráiteas deiridh	28

Contents

Chapter 1: Introduction	3
1.1 Approach to development.....	3
1.2 Preparation and Content of the Scheme	4
1.3 Commencement date of Scheme	5
Chapter 2: Overview of Broadcasting Authority of Ireland	6
2.1 Mission and Objectives	7
2.2 BAI Stakeholders.....	9
Chapter 3: Details of services currently being provided in English only, in Irish only or bilingually.....	10
Chapter 4: Enhancing the provision of Irish Language Services	11
Chapter 5: Enhancing the Provision of Irish Language Services in Gaeltacht Areas.....	20
Chapter 6: Improving Language Capability.....	21
6.1 Recruitment	21
6.2 Training and Development	21
6.3 Designated Irish Language Posts.....	25
Chapter 7: Monitoring and Review.....	26
Chapter 8: Publicising of Agreed Scheme.....	27
Concluding Statement.....	28

Caibidil 1: Réamhrá

Is í seo an dara Scéim Ghaeilge a d'ullmhaigh an BAI agus glacadh leis go foirmeálta ag cruinniú den Údarás ar an 28^ú Iúil 2016. Tá an tÚdarás bródúil as an méad a bhaineadh amach sa chéad Scéim (2013-2016) agus bhí sé ag tnúth go mór leis an dara scéim a chuir faoi bhráid na Roinne len é a chuir i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016. Anuas ar sin léirigh baill an Údaráis a mór-spéis a bheith gníomhach sa scéim ar leibhéil praiticiúil agus comhoibríodh.

Tá sé mar aidhm ag scéim teanga an BAI seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil mar a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá sé i gceist go mbeadh cur chuige caighdeánach ag scéim teanga an BAI trasna na hEagraíochta agus é ag comhlíonadh na hoibleagáidí a bhaineann leis an nGaeilge sa trí bhliain atá romhainn ag tógáil san áireamh na srianta praiticiúla agus an fráma ama lena mbaineann.

Tógtar *Straitéis Rialtais 20 bliain don Ghaeilge 2010 – 2030* san áireamh sa scéim ag a bhfuil sé mar aidhm cur le húsáid na teanga agus eolas ar an teanga ar leibhéal náisiúnta.

1.1 Cur chuige i bhforbairt na scéime

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholathróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó

Chapter 1: Introduction

This is the BAI's second Irish Language Scheme and was approved by members of the Authority at its meeting on 28th July 2016. The Authority is proud of its achievements in its first scheme (2013-2016) and very much looked forward to submitting a new scheme to the relevant authority for implementation from September 2016. It furthermore expressed its desire to engage further with the scheme and to support its implementation in the most proactive and possible way possible.

This BAI Irish language scheme endeavours to deliver high-quality Irish-language services to the public in accordance with the Official Languages Act 2003. This BAI Irish Language Scheme has been developed to set out a standard approach across the organisation to fulfil its obligations in relation to the Irish language over the coming three years, taking into account what is practical and achievable within that timeframe.

This Scheme takes account of the Government's *20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030*, which aims to increase the use and knowledge of the Irish language nationwide.

1.1 Approach to development of scheme

The Official Languages Act 2003 provides for the preparation by public bodies of a language scheme detailing the services which they will provide:

- through the medium of Irish,
- through the medium of English, and
- through the medium of Irish and English

and the measures to be adopted to ensure that any service not currently provided by the body through the medium of the Irish language will be so provided within an agreed timeframe.

In accordance with section 14(3) of the Act, language schemes remain in force for a period of 3 years or until such time as a new scheme is

go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann

(“an t-Údarás”) á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar **Údarás Craolacháin na hÉireann** ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tá an Scéim bunaithe ar na gealltanais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo na gealltanais a bhí i scéimeanna roimhe seo, beidh an cheist ina ábhar plé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

confirmed by the Minister for Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs, whichever is the later.

1.2 Preparation and Content of the Scheme

In the preparation of this scheme, due regard has been given to the Guidelines issued by the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs. In addition, there has been a process of consultation with relevant stakeholders.

The **Broadcasting Authority of Ireland** (“the Authority”) is guided by the principle that the provision of Irish language services should be based on:

- the underlying level of demand for specific services in the Irish language,
- the importance of a proactive approach to the provision of such services, and
- the resources, including human and financial resources, and the capacity of the body concerned to develop or access the necessary language capability.

This scheme complements the principles of Quality Customer Service. It has been formulated with the intention of ensuring that all relevant obligations under the Official Languages Act by the **Broadcasting Authority of Ireland** will be fully addressed on an incremental basis, through this and future schemes.

This Scheme is predicated on all of the commitments in the BAI’s existing language scheme having been implemented. In the event of commitments in earlier schemes not having been fully implemented to date, this matter will be the subject of discussion with the Office of An Coimisinéir Teanga.

The time and effort put in by all concerned in this process is acknowledged and appreciated.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ar ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 24 Deireadh Fómhair 2016 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

1.3 Commencement date of Scheme

This Scheme has been confirmed by the Minister for Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs. It commences with effect from 24 October 2016 and shall remain in force for a period of 3 years or until a new scheme has been confirmed, whichever is the later.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Údarás Craolacháin na hÉireann

Is é an BAI rialtóir craolacháin na hÉireann. Is iad a phríomhfheidhmeanna ná:

- seirbhísí raidió agus teilifíse sa bhreis ar na seirbhísí a sholáthraíonn RTÉ, TG4, Cainéal Thithe an Oireachtais agus Cainéal Scannán na hÉireann a cheadúnú
- cóid agus rialacha craolacháin a shainiú
- tuairim a thabhairt maidir le feidhmíocht RTÉ agus TG4 bunaithe ar a gcuspóirí poiblí bliantúla sonraithe agus leordhóthanacht nó neamh-leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí atá ar fáil do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí chun a gcuspóirí seirbhísí poiblí a chur i gcrích
- maoiniú a sholáthar agus a dheonú ar chlár agus ar chartlannú a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann faoin Scéim um Maoiniú Craolacháin
- monatóireacht agus forfheidhmiú chomhlíonadh na gcraoltóirí ceadúnaithe leis na gcóid agus rialacha craolacháin agus/nó lena gconarthaí craolacháin
- socrú agus cinneadh a dhéanamh maidir le gearáin ó lucht féachana agus ó lucht éisteachta maidir le hábhar craolacháin ar sheirbhísí craolacháin na hÉireann
- tacú le forbairt na hearnála craolacháin trí thaighde agus oiliúint
- tacú leis an tuiscint atá ag an bpobal ar na meáin trí chomhoibriú le craoltóirí agus le hoideachasóirí
- Tá an tÚdarás, an Coiste um Dheonú Conarthaí, an Coiste um Chomhlíonadh, agus an Coiste Feidhmiúcháin freagrach as feidhmiú an BAI.
- Tá téarmaí tagartha an BAI sonraithe in Acht Craolacháin 2009. Chomh maith leis sin, tá

Chapter 2: Overview of Broadcasting Authority of Ireland

The BAI is the regulator of broadcasting in Ireland. Its key functions are to:

- license radio and television services additional to those provided by RTÉ, TG4, the Houses of the Oireachtas Channel and the Irish Film Channel
- make broadcasting codes and rules
- review the performance of RTÉ and TG4 against their stated annual public objects and on the adequacy or otherwise of the public funding available to PSBs to meet their public services objects
- provide, and award, funding for programming and archiving relating to Irish culture, heritage and experience under the Broadcasting Funding Scheme
- monitor and enforce compliance of the licensed broadcasters with the broadcasting codes and rules and/or with their broadcasting contracts
- provide for, and decide on, complaints from viewers and listeners regarding broadcast content on all Irish broadcasting services
- support the development of the broadcasting sector including through research and training
- foster and support the understanding of media including co-operation with broadcasters and educationalists
- The BAI consists of the Authority, the Contract Awards Committee, the Compliance Committee and the Executive.
- The remit of the BAI is set down in the Broadcasting Act 2009. The BAI also has a role in media mergers which was assigned to the BAI under Part 4, Media Mergers, of the Competition and Consumer Protection

ról BAI i gcumaisc mheán. Sannadh an ról sin don BAI faoi Chuid 4 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014.

2.1 Misean agus Aidhmeanna

Misean

Freastalaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann ar shochoaí na hÉireann trína chinntiú go mbíonn rochtain ag breathnóirí agus éisteoirí in Éirinn ar réimse fairsing agus iolrach de sheirbhísí craoltóireachta, ábhar agus cláir, a léiríonn a riachtanais, eispéreas agus leas fairsing, agus a thacaíonn lena gcuid teidlíochtaí mar shaoránaigh i ndaonlathas.¹

Fís

Rialtóir éifeachtach is ea an BAI, ag a bhfuil muinín an phobail, chraoltóirí agus reachtóirí chun freastal ar riachtanais féachana agus éisteachta mhuintir na hÉireann, i láthair na huaire agus amach anseo.

Luachanna

Is iad seo na croíluachanna a mhúnlaíonn smaointeoireacht an BAI agus a chuireann eolas ar fáil dár gcur chuige i leith thasc na rialála. Baineann an tábhacht chéanna leo uile. Imríonn na luachanna agus na prionsabail seo tionchar ar céard a dhéanaimid agus conas a dhéanaimid é. Cuireann a chur i bhfeidhm comhsheasmhach ar chumas an BAI oibriú go heiticiúil, go daingean agus go héifeachtach.

- **Spreagtha ag Leas an Phobail:** Tá an BAI ann chun freastal ar riachtanais shochoaí, bhreathnóirí agus éisteoirí na hÉireann. Tá leas an phobail lárnach i ngach cinneadh eagraíochtúil a dhéanaimid.
- **Cothrom agus i gcomhréir:** Rialaíonn an BAI ar bhealach éifeachtach atá cothrom agus i gcomhréir, agus atá dírithe ar a gcuspóirí

Act 2014.

2.1 Mission and Objectives

Mission

The Broadcasting Authority of Ireland serves Irish society by ensuring that viewers and listeners in Ireland have access to a diverse and pluralistic range of broadcasting services, content and programming, that reflects their diverse needs, experience and interests, and supports their entitlements as citizens in a democracy.²

Vision

The BAI is an effective regulator, trusted by the public, broadcasters and legislators to serve the viewing and listening needs of the people of Ireland, now and in the future.

Values

These are the core values that shape BAI thinking and inform our approach to the task of regulation. All are of equal importance. These values and principles influence what we do and how we do it. Their consistent application enables the BAI to work ethically, robustly and effectively.

- **Motivated by the public interest:** The BAI exists to serve the needs of Irish society and viewers and listeners. The public interest is central to all organisational decision making.
- **Fair and proportionate:** The BAI regulates in an effective manner that is fair and proportionate, directed towards its statutory objectives. It demonstrates

¹ Tiocfaidh straitéis nua an BAI i bhfeidhm in Eanáir 2017.

² A new BAI Strategy will come into effect in January 2017.

reachtúla. Léiríonn sé cothroime agus cothromaíocht ina phróisis, nósanna imeachta agus cinntí, agus cuireann rialáil i bhfeidhm atá i gcomhréir agus sprioctha.

- **Saineolaí agus eolach:** Cruthaíonn, bailíonn agus measúnaíonn an BAI sonraí agus faisnéis reatha chun a heolas agus a shaineolas féin a fhorbairt. Úsáideann sé fianaise, comhairliúchán agus breithiúnas chun eolas agus tacaíocht a chur ar fáil dá dhéanamh cinntí d'fhonn conclúidí cothroma a bhaint amach. Méadaíonn deachaidreamh oibre agus comhairliúchán éifeachtach le daoine agus le heagraíochtaí cáilíocht agus éifeachtacht na gcinntí rialála a dhéanann sé.
- **Neamhspleách agus neamhchlaonta:** Tá luach ag an BAI ar a stádas comhlacht neamhspleách rialála. Bíonn tuairimí agus cinntí an BAI neamhspleách agus neamhchlaonta agus bunaithe ar fhaisnéis ardchaighdeáin a úsáid.
- **Gairmiúil agus tiomanta d'fhoghlaim:** Eagraíocht lúfar agus fhreagrúil é an BAI, atá tiomanta do shármhaitheas a bhaint amach. Eagraíocht foghlama atá ann a chuireann an fhoghlaim san áireamh ar bhonn coinsiasach i ngach ceann dá ghníomhaíochtaí, a dhéanann infheistíocht sna daoine atá rannpháirteach leis agus ina chuid córas, próiseas agus struchtúr. Tá sé tiomanta do mhachnamh agus d'fhoghlaim a chur chun cinn laistigh d'earnáil na meán agus i measc breathnóirí agus éisteoirí.
- **Freagrúil, trédhearcach agus cost-éifeachtúil:** Tá luach ag an BAI ar fhreagracht, trédhearcacht agus ar chost-éifeachtúlacht. Tá sé tiomanta, i ngach rud faoina dtugann sé, chun ardchaighdeáin de rialachas corparáideach a bhaint amach, ar féidir iniúchadh dian a dhéanamh air. Úsáideann an BAI próisis atá soiléir agus trédhearcach. Bíonn a chuid gníomhartha agus cinntí cothrom, inchreidte, loighciúil agus réasúnach agus déantar iad a chur in iúl go soiléir d'fhonn feabhas a chur ar an

fairness and balance in its processes, procedures and decisions, applying regulation that is appropriate and targeted.

- **Expert and informed:** The BAI generates, gathers and evaluates current data and information to develop its own knowledge and expertise. It uses evidence, consultation and judgement to inform and support the quality of its decision making in order to arrive at fair conclusions. Good working relationships and effective consultation with people and organisations heighten the quality and effectiveness of its regulatory decision making.
- **Independent and impartial:** The BAI values its status as an independent regulatory body. BAI opinions and decisions are independent and impartial and rooted in the use of high quality information.
- **Professional and committed to learning:** The BAI is an agile and responsive organisation, committed to the achievement of excellence. It is a learning organisation which consciously builds learning into all its activities, investing in its people, systems, processes and structures. It is committed to promoting reflection and learning within the media sector and amongst viewers and listeners.
- **Accountable, transparent and cost effective:** The BAI values accountability, transparency and cost effectiveness. It is committed in all its endeavours to high standards of corporate governance, which can withstand close scrutiny. The BAI uses processes that are clear and transparent. Its actions and decisions are fair, credible, logical and rational and are communicated clearly to enhance understanding across the sector and society more broadly. The BAI is

tuisctint ar fud na hearnála agus na sochaí níos fairsinge. Tá an BAI dírithe ar a gcuid acmhainní a úsáid go héifeachtach agus luach ar airgead a sholáthar, agus iad ag tabhairt faoina sainchúram reachtúil a chomhlíonadh.

- **Éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch:** Aithníonn an BAI luach na héagsúlachta chultúrtha agus teangeolaíche, agus spreagann sé gach craoltóir chun tuiscint ar an nGaeilge, ach go háirithe, a chothú.

2.2 Páirtithe Leasmhara an BAI

Trína fheidhmeanna ceadúnaithe agus rialála, idirghníomhaíonn an BAI le craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí sa tionscal teilifíse agus raidió. Éascaíonn an BAI líon mór iarratasóirí trí thionscnaimh mhaoinithe amhail an Scéim um Maoiniú Craolacháin agus an Scéim um Chartlannú. Tugann sé tacaíocht forbartha earnála don tionscal craolacháin trí Mhaoiniú Líonra agus trí raon tionscnaimh eile a sholáthar. Bíonn an BAI i dteagmháil leanúnach leis an bpobal i gcoitinne trína fheidhm a bhaineann le gearáin chraolacháin. Téann sé i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus cinní á ndéanamh aige ar shaincheisteanna craolacháin, ag lorg thuairimí an phobail agus tuairimí uathu siúd sa tionscal craolacháin.

Maidir leis an scéim nua teanga, freastalófar ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara siúd a chuireann spéis níos mó in iúl i soláthar seirbhísí Gaeilge, idir craoltóirí agus cuideachtaí agus daoine aonair ar mian leo cláir Ghaeilge a fhorbairt, mar aon le seirbhísí craolacháin, ionadaithe tionscail agus daoine den phobal a roghnaíonn déileáil leis an BAI trí mheán na Gaeilge.

focused on using its resources effectively and providing value for money, in its pursuit of its statutory remit.

- **Cultural and linguistic diversity:** The BAI acknowledges the value of cultural and linguistic diversity, and encourages all broadcasters to foster in particular an appreciation of the Irish language.

2.2 BAI Stakeholders

Through its licensing and regulatory functions, the BAI interacts with commercial, community and public service broadcasters in the television and radio industry. The BAI facilitates a large number of applicants through funding initiatives such as the Broadcasting Funding Scheme and the Archiving Scheme. It provides sectoral development support to the broadcasting industry through the provision of Network Funding and a range of other initiatives. The BAI has ongoing dealings with the general public through its broadcasting complaints function. It consults with interested parties when making decisions on broadcasting issues, inviting the views of the public as well as those within the broadcasting industry.

In the context of a new language scheme, the needs of those stakeholders expressing a greater interest in Irish Language service provision will be served, from broadcasters to companies and individuals wishing to develop Irish language programming as well as broadcasting services, industry representatives and members of the public who choose to deal with the BAI through the medium of Irish.

Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Ní mór sonraí a thabhairt faoi cén teanga ina gcuirtear bhur gcuid seirbhísí ar fáil, ag cur seirbhísí sa Ghaeltacht san áireamh

Chapter 3: Details of services currently being provided in English only, in Irish only or bilingually

Please indicate which language your services are provided through, including services in Gaeltacht areas.

Soláthar Seirbhísí ar fáil (Cuir tic sa bhosca cúí)		Provision of Services (Please tick the relevant box)	
Ainm na Seirbhíse Name of Service	I mBéarla amháin In English Only	I nGaeilge amháin In Irish only	Go dátheangach Bilingually
Seirbhís do Chustaiméirí Customer Service			Tá Yes
Láithreáin Ghréasáin agus Ríomhchórais Websites and Computer Systems			Tá Yes
Comhfhreagras/Soláthar Faisnéise/ Cumarsáid Correspondence/Information Provision/ Communication			Tá Yes
Cur Chun Cinn agus Poiblíocht Promotion and Publicity			Tá Yes
Seirbhísí ar fáil sa Ghaeltacht Service Provision in Gaeltacht areas			
Ainm na Seirbhíse Name of Service	I mBéarla amháin In English Only	I nGaeilge amháin In Irish only	Go dátheangach Bilingually
Tabharfar cruinnithe poiblí i gceantair Ghaeltachta trí Ghaeilge Public meetings in Gaeltacht areas will be addressed through Irish.		Tá Yes	

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Chapter 4: Enhancing the provision of Irish Language Services

The provisions shaded in grey in the table below are mandatory requirements under the Official Languages Act 2003.

Modh Cumarsáide leis an bPobal <i>Means of communication with the public</i>	Gealltanais <i>Commitment</i>	
Fógraí Réamhthaifeadta ó Bhéal <i>Recorded Oral Announcements</i>	<p>Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach: <i>The following recorded oral announcements will be in Irish or bilingual:</i></p> <p>(a) Fógraí taifeadta ó bhéal ar fáil ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta; <i>Recorded oral announcements provided on the telephone when the offices of the public body are closed;</i></p> <p>(b) Fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí; <i>Recorded oral announcements transmitted by a public address system;</i></p> <p>(c) Fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin. <i>Recorded oral announcements created and transmitted by means of a computerised messaging system or a computerised telephone answering system.</i></p> <p>Tabhair faoi deara gur fógairtí 'taifeadta' seachas fógairtí 'beo' a bhaineann le hábhar anseo. <i>This provision relates to 'recorded' announcements rather than 'live announcements'.</i></p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i</p>	Éigeantach <i>Mandatory</i>

		bhfeidhm, úsáidfean an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon. <i>Where a Placenames Order is in force, a public body is required to use the Irish language version of the placename specified in that Order in recorded oral announcements made by it or on its behalf.</i>	
Cumarsáid i Scríbhinn <i>Written Communication</i>	Litreacha agus Post Leictreonach <i>Letters and Electronic Mail</i>	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. <i>All written communication will be responded to in the official language in which it was received.</i>	Éigeantach <i>Mandatory</i>
	Stáiseanóireacht <i>Stationery</i>	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní deamhéine, leatháin chlúdaigh faics, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. <i>Headings of stationery, including notepaper, compliment slips, fax cover sheets, file covers and other folders, labels and envelopes are provided in Irish or bilingually.</i>	Éigeantach <i>Mandatory</i>
Comharthaí <i>Signage</i>	Comharthaí <i>Signage</i>	Ní mór an chomharthaíocht ar fad a chuireann Údarás Craolacháin na hÉireann in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008). <i>All signage placed by the Broadcasting Authority of Ireland or on its behalf must be in Irish or bilingually, in accordance with the regulations (S.I. No.391/2008).</i>	Éigeantach <i>Mandatory</i>
Foilseacháin <i>Publications</i>	Foilseacháin <i>Publications</i>	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna. <i>Documents setting out public policy proposals, audited accounts or financial statements, annual reports and strategy statements will be published simultaneously in Irish and English.</i>	Éigeantach <i>Mandatory</i>
	Ciorcláin/Cora Poist <i>Circulars/Mailshots</i>	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le	Éigeantach <i>Mandatory</i>

		<p>haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.</p> <p><i>Where a public body communicates in writing or by electronic mail with the general public or a class of the general public for the purpose of furnishing information to the public or the class, the body shall ensure that the communication is in the Irish language or in the English and Irish languages.</i></p>	
<p>An Ghaeltacht <i>The Gaeltacht</i></p>	<p>Logainmneacha Gaeltachta <i>Gaeltacht Placenames</i></p>	<p>Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.</p> <p><i>The official placenames of Gaeltacht areas will be used by the public body in accordance with the legislation.</i></p>	<p>Éigeantach</p> <p><i>Mandatory</i></p>

Seo a leanas liosta gníomhartha a thabharfaidh **Údarás Craolacháin na hÉireann** fúthu.

The Broadcasting Authority of Ireland will undertake the following lists of actions.

Modh Cumarsáide leis an bPobal <i>Means of communication with the public</i>		Gealltanais <i>Commitment</i>	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3 <i>Timeline By end Yr 1/Yr 2 /Yr 3</i>
<p>Cumarsáid ó Bhéal / Scríbhinn <i>Oral/Written Communication</i></p>	<p>Fáiltiú</p> <p>Reception</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Beannófar do ghlaiteoirí ar an BAI a labhraíonn Gaeilge i nGaeilge agus cuirfear ar aghaidh iad chuig ball foirne atá ábalta déileáil lena gceist trí Ghaeilge. <i>Irish-speaking callers to the BAI will be greeted in Irish and passed on to a staff member capable of dealing with their query through Irish.</i> • Cuirfear seoladh ríomhphoist tiomanta ar fáil le haghaidh ceisteanna a bhaineann go sonrach leis an teanga (teanga@bai.ie) agus déanfar 	<p>I bhfeidhm faoi láthair <i>Currently in place</i></p> <p>I bhfeidhm faoi láthair <i>Currently in place</i></p>

		<p>monatóireacht air go rialta. <i>A dedicated email address for language-specific queries (teanga@bai.ie) will be provided and monitored regularly.</i></p>	
	<p>Seirbhís Duine le Duine/Chuntair Face to Face/Counter Service</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh ceathrar bhall foirne ar a laghad ar fáil chun déileáil le páirtithe leasmhara trí mheán na Gaeilge sa chás gurb í sin an teanga roghnaithe <i>A minimum of four staff members will be available to deal with stakeholders through Irish, where this is the language of choice.</i> 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p>
	<p>Lasc-chlár Switchboard</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Beannófar do ghlaiteoirí ar an BAI a labhraíonn Gaeilge i nGaeilge agus cuirfear ar aghaidh iad chuig ball foirne atá ábalta déileáil lena gceist trí Ghaeilge. <i>Irish-speaking callers to the BAI will be greeted in Irish and passed on to a staff member capable of dealing with their query through Irish.</i> 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p>
	<p>Cumarsáid ghutháin leis an bpobal Telephone communications with the public</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh ceathrar bhall foirne ar a laghad ar fáil chun déileáil le páirtithe leasmhara trí mheán na Gaeilge sa chás gurb í sin an teanga roghnaithe <i>A minimum of four staff members will be available to deal with stakeholders through Irish, where this is the language of choice.</i> 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p>
	<p>Eile Other</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear tús le comhfhreagras i nGaeilge le páirtithe leasmhara a aithnímid gur fearr leo Gaeilge a úsáid. <i>Correspondence will be initiated in Irish with stakeholders known to prefer Irish.</i> • Tabharfar eolas do pháirtithe leasmhara go bhfáiltítear roimh gach 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p>

		<p>comhfhreagras i gceachtar teanga. <i>Stakeholders will be made aware that all correspondence is welcomed in either language.</i></p>	<p>Currently in place</p>
	<p>Bileoga Eolais/Bróisiúir Information Leaflets/ Brochures</p>	<ul style="list-style-type: none"> Déanfar póstaer, bróisiúir, bileoga faisnéise agus gach fógra ginearálta a tháirgeadh go dátheangach nó ar leith sa dá theanga. <i>Posters, brochures, information leaflets and all general notifications will be produced bilingually or separately in both languages.</i> 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p>
	<p>Foirmeacha Iarratais Application Forms</p>	<ul style="list-style-type: none"> Beidh foirmeacha ar fáil go hiomlán i nGaeilge ar sheirbhís nua Ar-Líne an BAI le haghaidh iarratais agus conraitheoireacht Sound&Vision. <i>Forms on the new BAI On-line service will be fully available in Irish for Sound & Vision applications and contracting.</i> 	<p>Bl.2 Yr 2</p>
	<p>Eile Other</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cuirfear teimpléid chaighdeánacha láithreoireachta an BAI (PowerPoint, etc.) ar fáil do bhaill foirne i nGaeilge. <i>Standard BAI presentation templates (PowerPoint, etc.) will be made available to staff members in Irish.</i> Déanfar gach iarracht príomhdhoiciméid (polasaithe/straitéisí/pleananna oibre) a chur ar fáil sa Ghaeilge i gcomhthráth le leaganacha Béarla ach déanfar é tráth nach déanaí ná dhá sheachtain in aon chás. <i>Every effort will be made to provide key documents (policies/strategies/work plans) in Irish at the same time as English-language versions but not later than two weeks in any case.</i> Cuirfear óráidí an BAI ag imeachtaí agus ag láithreoireachtaí ginearálta ar fáil don phobal trí Ghaeilge, má iarrtar é. 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p> <p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p>

		<p><i>BAI speeches at events and general presentations to the public will be provided through Irish, if requested.</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear cóipeanna d'óráidí agus/nó de láithreoireachtaí ar fáil i nGaeilge má thugtar iad i nGaeilge. <i>Copies of speeches and or presentations will be made available in Irish if delivered in Irish.</i> • Déanfar gluais de théarmaí a úsáidtear i gcoitinne i nGaeilge atá sonrach don BAI agus do chraolachán a chur ar fáil don fhoireann. <i>A glossary of commonly-used terms in Irish specific to the BAI and broadcasting will be provided to staff.</i> • Bunófar leathanach tiomanta acmhainní Gaeilge ar inlín na heagraíochta. <i>A dedicated Irish language resource page will be set up on the organisation's intranet.</i> 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p> <p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p> <p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p>
Na Meáin Media	Preaseisiúintí Press Releases	<ul style="list-style-type: none"> • Eiseofar preaseisiúintí a bhaineann le craolachán Gaeilge/Gaeltachta i nGaeilge agus/nó go dátheangach. <i>Press releases relating to Irish-language/Gaeltacht broadcasting will be issued in Irish and/or bilingually.</i> • Beidh méadú incriminteach ar leaganacha dátheangacha de na preaseisiúintí eile go léir thar thréimhse na scéime (85%) • <i>There will be an incremental increase to bilingual versions of all other press releases over the period of the scheme (85%).</i> 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p> <p>Bl.3 Yr 3</p>
	Urlabhraithe na Meán Media Spokespersons	<ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear cainteoirí ar fáil do láithreoireachtaí Gaeilge agus don teilifís agus don raidió i nGaeilge. <i>Speakers will be provided for Irish</i> 	I bhfeidhm faoi láthair Currently in place

		<i>language presentations and for television and radio in Irish.</i>	
	Óráidí Speeches	<ul style="list-style-type: none"> Cuirfear óráidí an BAI ag imeachtaí agus ag láithreoireachtaí ginearálta ar fáil don phobal trí Ghaeilge, má iarrtar é. <i>BAI speeches at events and general presentations to the public will be provided through Irish, if requested.</i> Cuirfear cóipeanna d'óráidí agus/nó de láithreoireachtaí ar fáil i nGaeilge má thugtar iad i nGaeilge. <i>Copies of speeches and or presentations will be made available in Irish if delivered in Irish.</i> 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p> <p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p>
	Eile <i>Other</i>	<ul style="list-style-type: none"> Pléifidh an BAI comhthionscnaimh a fhorbairt le comhlachtaí eile na seirbhíse poiblí. <i>The BAI will explore the development of joint initiatives with other public service bodies.</i> 	I bhfeidhm faoi láthair Currently in place
Teicneolaíocht Faisnéise <i>Information Technology</i>	Ríomhphoist Email	<ul style="list-style-type: none"> Cuirfear seoladh ríomhphoist tiomanta ar fáil le haghaidh ceisteanna a bhaineann go sonrach leis an teanga (teanga@bai.ie) agus déanfar monatóireacht air go rialta. <i>A dedicated email address for language-specific queries (teanga@bai.ie) will be provided and monitored regularly.</i> Cuirfear fógraí caighdeánacha ríomhphoist (clásail séanta/freagairtí 'as oifig', etc.) ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach. <i>Standard email notifications (disclaimers/'out of office' replies, etc.) will be provided in Irish only or bilingually.</i> 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p> <p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p>
	Suíomhanna Gréasáin Websites	<ul style="list-style-type: none"> Beidh leagan Gaeilge iomlán den láithreán gréasáin corparáideach www.bai.ie ann. <i>There will be a full Irish-language</i> 	I bhfeidhm faoi láthair Currently in place

		<p><i>version of the corporate website www.bai.ie.</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Is trí rochtain ‘aon chlic amháin’ a thiocfar ar an leagan Gaeilge den láithreán gréasáin. <i>There will be one-click access to the Irish-language version of the website.</i> • Tabharfar rogha d’úsáideoirí idir an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge den láithreán gréasáin trí sholáthar nasc ar an láithreán gréasáin Gaeilge chuig leaganacha Gaeilge de na doiciméid/leathanaigh ábhartha. <i>Users will be given a choice of English or Irish versions of the website through the provision of links on the Irish-language website which will lead to Irish-language versions of the relevant documents/pages.</i> • Beidh Seirbhís Ar Líne nua an BAI ar fáil go hiomlán i nGaeilge le haghaidh iarratais agus chonraitheoireacht na Scéime um Chartlannú (nó laistigh de bhliain amháin tar éis an scéim sin a bheith ar fáil ar an gcóras). <i>The new BAI On-line service will be fully available in Irish for Archiving Scheme applications and contracting (or within one year of that scheme being made available on the system).</i> • Beidh Seirbhís Ar Líne nua an BAI ar fáil go hiomlán le haghaidh iarratais agus conraitheoireacht Fuaimne agus Físe. <i>The new BAI On-line service will be fully available in Irish for Sound & Vision applications and contracting.</i> 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p> <p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p> <p>BI.3 Yr 3</p> <p>BI.3 Yr 3</p>
	<p>Córais Ríomhaireachta Computer Systems</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh gach ríomhchóras comhoiriúnach le noirm litrithe na Gaeilge agus le diaicriticí atá sonrach don teanga sin. <i>All computer systems will be</i> 	<p>I bhfeidhm faoi láthair Currently in place</p>

		<i>compatible with the Irish language spelling norms and diacritics specific to that language.</i>	
	Seirbhísí Idirghníomhacha Interactive Services	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh seirbhísí Ar Líne soláthartha ag an BAI ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon. <i>Online BAI-provided services will be available in both English and Irish.</i> 	BI.3 Yr 3

Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht

Ag feabhsú soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta agus ag cinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí suite sa Ghaeltacht faoi dháta áirithe.

Chapter 5: Enhancing the Provision of Irish Language Services in Gaeltacht Areas

Enhancing the provision of Irish language services in Gaeltacht areas and ensuring that Irish becomes the working language in offices located in Gaeltacht areas by a certain date.

Gealltanais sa Ghaeltacht

Commitments in Gaeltacht Areas

Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht <i>Description of services in Gaeltacht areas</i>	Gealltanais <i>Commitment</i>	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3 <i>Timeline By end Yr 1/ Yr 2 / Yr 3</i>
Cruinnithe <i>Meetings</i>	<ul style="list-style-type: none"> Tabharfar cruinnithe poiblí i gceantair Ghaeltachta trí Ghaeilge. <i>Public meetings in Gaeltacht areas will be addressed through Irish.</i> 	Bl.1 Yr 1
An Ghaeilge mar theanga oibre sna hoifigí lonnaithe sa Ghaeltacht <i>Irish as the working language in Gaeltacht offices</i>		
	Gealltanais <i>Commitment</i>	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3 Timeline By end Yr 1/ Yr 2 / Yr 3
Neamhbhainteach <i>n/a</i>		

Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

6.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse oibre de cuid **an Údaráis** an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chun inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionductúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá **Údarás Craolacháin na hÉireann** tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

Chapter 6: Improving Language Capability

6.1 Recruitment

The recruitment of staff with the appropriate level of competence in the Irish language in each area of work of the **Authority** will be the primary means of optimising the availability of services through Irish. Our recruitment policy, which is subject to the framework of agreed national recruitment procedures, will have regard to the need to improve Irish language capability on an incremental basis.

All new staff will be provided with an induction pack containing a copy of our agreed scheme in order to ensure that they are made aware of our commitments under the legislation.

6.2 Training and Development

The **Broadcasting Authority of Ireland** is committed to making available opportunities for staff to attend appropriately accredited Irish language training courses, as resources permit. All staff will be advised of facilities/opportunities to improve their competency in Irish.

		Gealltanais Commitment	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3 Timeline By end Yr 1/ Yr 2 / Yr 3
Feabhsú ar chumas Gaeilge Improving Irish Language Capability	Earcaíocht Recruitment	<ul style="list-style-type: none"> Coinneoidh an BAI líon iomchuí ball foirne atá inniúil sa Ghaeilge i gcónaí. <i>BAI will maintain at all times an adequate number of staff members who are proficient in Irish.</i> Fógrófar poist trí Ghaeilge sna meáin Ghaeilge. 	<p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Ar siúl Ongoing</p>

		<p><i>Posts will be advertised through Irish in Irish language media.</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear fáilte roimh iarratais Ghaeilge ar phoist fhógartha. <i>Irish-language applications for advertised posts will be welcomed.</i> • Déanfar agallaimh trí Ghaeilge nuair is iomchuí. <i>Interviews will be conducted through Irish where/when appropriate</i> 	<p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Ar siúl Ongoing</p>
	Oiliúint Training	<ul style="list-style-type: none"> • Uasmhéadóidh an eagraíocht cumas na foirne reatha páirt a ghlacadh i soláthar seirbhíse Gaeilge. <i>The organisation will maximise the capacity of current staff to engage in Irish-language service-provision.</i> • Cuirfear torthaí Scéim Teanga an BAI in iúl go hiomlán don fhoireann laistigh de chomhthéacs Acht na Teangacha agus cuirfear treoirínite ar fáil chun eolas a thabhairt faoi dheachleachtais i ndáil le húsáid na teanga. <i>Staff will be fully appraised of the implications of the BAI Language Scheme within the context of the Language Act and guidelines will be provided to inform of best practices in relation to the use of the language.</i> • Cuirfear pacáiste ionductúcháin de Scéim Teanga an BAI ar fáil d'earcaigh nua chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoi dhualgais na foirne maidir leis an Scéim. 	<p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Bl.1 Yr 1</p>

		<p><i>New recruits will be provided with a BAI Irish Language Scheme induction pack to inform them of staff obligations under the Scheme.</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear oiliúint inmheánach Ghaeilge ar fáil d’fhoireann. <i>Irish-language in-house training will be provided to staff.</i> • Cuirfear ‘forbairt Ghaeilge’ san áireamh mar rogha i gcuaspóirí feidhmíochta foirne. <i>‘Irish-language development’ will be included as an option in staff performance objectives.</i> • Éascófar foireann maidir le freastal ar chúrsaí Gaeilge. <i>Staff will be facilitated in attending Irish language courses.</i> 	<p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Ar siúl Ongoing</p>
	<p>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil <i>Participation in language promotion activities /Provision of resources</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • Coinneofar an fhoireann ar an eolas faoi thionscnaimh Ghaeilge na seirbhíse poiblí (ranganna, ríomhfhoghlaim, imeachtaí sóisialta). <i>Staff will be kept informed of public service Irish language initiatives (classes, e-learning, social events).</i> • Cuirfear acmhainní cabhracha ar líne ar fáil don fhoireann (GaelSpell, Ceart, www.focal.ie, www.focloir.ie). <i>Staff will be provided with helpful online resources (GaelSpell, Ceart, www.focal.ie, www.focloir.ie).</i> • Déanfar gluais de théarmaí a úsáidtear i gcoitinne i nGaeilge atá sonrach don BAI agus do 	<p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Ar siúl Ongoing</p>

		<p>chraolachán a chur ar fáil don fhoireann. <i>A glossary of commonly-used terms in Irish specific to the BAI and broadcasting will be provided to staff.</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Bunófar leathanach tiomanta acmhainní Gaeilge ar inlín na heagraíochta. <i>A dedicated Irish language resource page will be set up on the organisation's intranet.</i> • Pléifidh an BAI comhthionscnaimh a fhorbairt le comhlachtaí eile na seirbhíse poiblí. <i>The BAI will explore the development of joint initiatives with other public service bodies.</i> • Reáchtálfar imeacht Sheachtain na Gaeilge gach bliain. <i>A 'Seachtain na Gaeilge' event will be held every year.</i> • Déanfaidh an BAI iarracht tacaíocht a thabhairt chun teacht ar mhaoiniú ó scéimeanna iomchuí do Sheachtain na Gaeilge. <i>The BAI will endeavour to provide funding support under relevant sponsorship schemes for Seachtain na Gaeilge.</i> 	<p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Ar siúl Ongoing</p> <p>Bl.1 Yr 1</p>
	<p>Eile Other</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ainmneofar baill foirne inmheánacha chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann i gcoitinne maidir le tascanna/ceisteanna Gaeilge. <i>Internal staff members will be nominated to support other staff with small Irish-language related tasks/queries.</i> 	<p>Ar siúl Ongoing</p>

		<ul style="list-style-type: none"> Forbrófar an fhoireann teanga inmheánach chun aistriúcháin ghearra Gaeilge a chur ar fáil don fhoireann. <i>Develop the internal language resource team to provide short Irish language translations to staff.</i> Coinneofar roinnt aistritheoirí ar aire chun a chinntiú gur féidir aistriúcháin atá ag teastáil go mear a chur ar fáil, más gá. <i>A number of translators will be retained on stand-by to ensure that quickly-needed translations can be provided, if required.</i> 	<p>Bl.1 Yr 1</p> <p>Ar siúl Ongoing</p>
--	--	--	---

<p>6.3 Poist Shainithe Ghaeilge</p> <p>Neamhbhailí</p> <p>Inniúlacht sa Ghaeilge</p> <p>Ag féachaint do bheartas an Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí sa Ghaeilge, sainaitheoidh Údarás Craolacháin na hÉireann, faoi dheireadh chéad bhliain na scéime, aon phoist dá bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas. Déanfar gach iarracht na riachtanais sin a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime, ag féachaint, de réir mar is cuí, do pholasaithe earcaíochta, ardú céime agus oiliúna. Cuirfidh an méid sin ar chumas Údarás Craolacháin na hÉireann feabhsúchán incriminteach na seirbhísí sa Ghaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ar bhealach níos straitéisí.</p>	<p>6.3 Designated Irish Language Posts</p> <p>n/a</p> <p>Irish Language Capability</p> <p>Having regard to Government policy for enhanced provision of services in Irish, the Broadcasting Authority of Ireland will, by the end of year one of the scheme, identify any posts for which Irish language competency is an essential requirement. Every effort will be made to fulfil these requirements by the end of this scheme having regard to recruitment, promotion and training policies, as appropriate. This will enable the Broadcasting Authority of Ireland to plan and prioritise the incremental improvement of services in Irish in a more strategic manner.</p>
---	--

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh **Údarás Craolacháin na hÉireann** monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta. Is é **Diarmaid Breathnach** an teagmhálaí don scéim.

Chapter 7: Monitoring and Review

The implementation of the scheme will be monitored and reviewed on a regular basis by **The Broadcasting Authority of Ireland**. The contact person for the scheme will be **Diarmaid Breathnach**.

Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;
- cuirfimid in iúl ar threoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Gaeilge an leagan oifigiúil den scéim seo.

Chapter 8: Publicising of Agreed Scheme

This scheme will be publicised both internally and externally, through a press release initially. A bilingual version of the scheme will be made available on our website and circulated to all staff and appropriate agencies. Other means to publicise the scheme may also be used.

In addition, we will take every opportunity in our day to day interaction with stakeholders to promote and publicise the services we provide in Irish through the following means:

- informing customers on a proactive basis of the option of conducting business with us through Irish;
- prominently listing these services on our website;
- signifying on selected guidelines, leaflets and application forms that these documents are also available in Irish, unless presented bilingually; and
- giving equal prominence to Irish and English language materials.

A copy of the agreed scheme will be forwarded to the Office of An Coimisinéir Teanga.

The Irish language version of this scheme is the official version.

Ráiteas deiridh

Cuirtear *Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge 2010-2030*, a bhfuil sé mar aidhm aici úsáid na Gaeilge agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú ar fud na tíre, san áireamh sa Scéim. Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcuspóir straitéiseach chun méadú a dhéanamh ar an líon daoine a thagann ar sheirbhísí Stáit trí mheán na Gaeilge, féachann an BAI le hinfheictheacht agus le caighdeán a sholáthair sheirbhísí Gaeilge a mhéadú. Ar an dara dul síos, maidir leis an gcuspóir straitéiseach chun an Ghaeilge a fhorbairt trí na Meáin agus trí Theicneolaíocht, tá sé mar aidhm ag an BAI feabhas a chur ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil faoi láthair do na hiarratasóirí siúd ar mian leo cláir Ghaeilge a fhorbairt tríd an Scéim um Maoiniú Craolacháin agus do na craoltóirí agus don phobal i gcoitinne ar mian leo cumarsáid a dhéanamh leis an eagraíocht trí mheán na Gaeilge.

Cé go n-aithníonn sé go bhfuil an scéim incriminteach agus teoranta ag acmhainní ar fáil, beartaíonn an BAI a bheith réamhghníomhach ina leith seo agus ar fáil le haghaidh moltaí faoi conas a sheirbhísí Gaeilge a bhreisiú agus a neartú tuilleadh sna blianta romhainn. Mar eagraíocht, tá an BAI tiomanta, dá bhrí sin, don líon agus don chineál seirbhísí a thairgeann sé don phobal trí Ghaeilge a mhéadú, agus tá dóchas aige go mbainfidh sé an sprioc seo amach tríd an scéim nua seo agus trí scéimeanna Gaeilge sa todhchaí.

Concluding statement

This Scheme takes account of the Government's *20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030*, which aims to increase the use and knowledge of the Irish language nationwide. Firstly, in the context of the strategic objective to increase the number of people who access State services through Irish, the BAI endeavours to increase the visibility and quality of its Irish Language service provision. Secondly, in the context of the strategic objective to develop the Irish Language through Media and Technology, the BAI aims to improve the services it currently provides those applicants wishing to develop Irish-language programming through the Broadcasting Funding Scheme and to those broadcasters and the wider public who wish to communicate with the organisation through the medium of Irish.

While cognisant that the scheme is incremental and limited by available resources, the BAI intends to be proactive in this regard and open to suggestions on how to further enhance and strengthen its Irish-language services in the years ahead. As an organisation therefore, the BAI is committed to increasing the number and types of services it offers to the public through Irish, and hopes to achieve this goal through this new scheme and future Irish Language schemes.